


**SCÉIM TEANGA 2014 – 2017**  
**INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA**  
**DHÚN DEALGAN**

Faoi Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003



**DUNDALK INSTITUTE OF TECHNOLOGY**  
**LANGUAGE SCHEME 2014 - 2017**

Under Section 15 of the Official Languages Act 2003

# CLÁR

Clár .....	i
Réamhra.....	1
Caibidil 1 Tús eolais agus Cúlra .....	2
1.1 Ullmhú na Scéime .....	2
1.2 A bhfuil sa Scéim Teanga .....	2
1.3 Dáta Tosaithe na Scéime.....	3
1.4 Foramharc ar Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan .....	3
Caibidil 2 Gealltanais i leith Seirbhís Ghaeilge a Chur ar Fáil.....	6
2.1 Foramharc .....	6
2.2 Eolas a Chur ar Fáil don Phobal.....	6
2.3 Tairiscint Ghníomhach Seirbhíse.....	7
2.4 Pointí Chéad Teagmhála .....	7
2.5 Seirbhísí Dátheangacha Duine le Duine .....	7
2.6 Bróisiúir, Foirmeach Iarratais agus Bileoga Eolais .....	8
2.7 Foilseacháin Eile na hInstitiúide.....	8
2.8 Ríomhchórais agus Ríomhsheirbhísí .....	9
2.9 Suíomh Gréasáin .....	9
2.10 Cláir Acadúla .....	9
2.11 Idirghníomhaíocht Pobail.....	10
Caibidil 3 Cumas Gaeilge na hInstitiúide a Fheabhsú .....	11
3.1 Earcaíocht agus Imlonnú.....	11
3.2 Oiliúint agus Forbairt Foirne .....	11
3.3 Feabhsúcháin ar Sheirbhísí Tacaíochta .....	11
3.4 Cur chun cinn na Gaeilge .....	12
Caibidil 4 Feidhmiú agus Monatóireacht.....	13
Caibidil 5 Poibliú na Scéime Aontaithe .....	14
Aguisín 1.....	15
Doiciméid Dhátheangacha a chur ar Fáil .....	15

## RÉAMHRA

Seo é an dara scéim ag Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan faoi Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Trínar gcéad scéim neadaíodh an tAcht mar chuid d'oibríochtaí laethúla na hInstitiúide.

Leis an dara scéim, beimid in ann tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh, agus cinnteofar cur chuige níos nádúrtha i leith chumas na hInstitiúide chun ceanglais an Achta a chomhlíonadh. Ba é sprioc na hInstitiúide i gcónaí glacadh le spiorad an Achta agus cur chuige freagrach réamhghníomhach a cheapadh i leith fheidhmiú an Achta trí scéimeanna na hInstitiúide. Tugaimid aird ar leith ar a thábhachtaí atá sé íomhá agus timpeallacht dhearfach dhátheangach chorparáideach a chruthú laistigh den Institiúid, faoin scéim seo agus faoi fhorálacha reachtúla eile an Achta.

Inár bPlean Straitéiseach reatha 2011-14, déantar cur síos ar a riachtanaí atá sé don Institiúid:

*“Úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ar campas agus ár Scéim Ghaeilge a chur i bhfeidhm.”*

Tá an cuspóir straitéiseach sin neadaithe inár gcur chuige i leith na scéime Gaeilge agus táimid ag tnúth le hí a chur chun feidhme go rathúil sna blianta atá romhainn.

**Denis Cummins**  
**Uachtarán**

# Caibidil 1 TÚS EOLAIS AGUS CÚLRA

Seo í an dara scéim a d'ullmhaigh Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan de réir Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 (a dtugtar "an tAcht" anseo air feasta). Foráiltear in Alt 11 den Acht le haghaidh scéim reachtúil a d'ullmhódh comhlachtaí poiblí, ina mionsonrófaí na seirbhísí a chuirfear ar fáil:

- i nGaeilge
- i mBéarla
- i nGaeilge agus i mBéarla araon

mar aon leis na bearta a ghlacfar le cinntiú go gcuirfear aon seirbhís, nach gcuireann an comhlacht ar fáil i nGaeilge i láthair na huaire, ar fáil i nGaeilge faoi dheireadh thréimhse aontaithe.

Daingníodh céad scéim teanga na hInstitiúide ar 18 Deireadh Fómhair 2010. Tógann an scéim seo ar chéad scéim na hInstitiúide agus ar an nós agus an cleachtas a bhí agus atá i bhfeidhm san Institiúid, agus ar phrionsabail na Seirbhíse Cáilíochta do Chustaiméirí.

## 1.1 Ullmhú na Scéime

Foráiltear in *Alt 12* den Acht le haghaidh treoirlínte a d'ullmhódh an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta, agus a d'eiseofaí do chomhlachtaí poiblí mar chuidiú agus dréachtscéimeanna á n-ullmhú acu. Dréachtaíodh an scéim seo ag féachaint do na treoirlínte sin, tar éis dul i gcomhairle go forleathan le mic léinn, baill foirne agus geallsealbhóirí ionadacha seachtracha. Foilsíodh fógra poiblí faoi *Alt 13* den Acht i Meán Fómhair 2013, ag iarraidh aighneachtaí i dtaca le dara dréachtscéim na hInstitiúide a ullmhú. Bunaíodh an scéim seo ar na haighneachtaí ar fad a fuarthas agus ar na dearthaí agus na moltaí a chuir geallsealbhóirí ar aghaidh. Is mór ag an Institiúid am agus iarracht gach duine a bhí bainteach leis an bpróiseas seo.

Leagtar amach sa scéim seo na spriocanna atá socraithe ag an Institiúid di féin don dara tréimhse trí bliana agus ainmnítear ann réimsí tosaíochta. Ar Bhord Feidhmiúcháin na hInstitiúide, faoi cheannas an Uachtaráin, a bheidh an fhreagracht monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim.

## 1.2 A bhfuil sa Scéim Teanga

Aithnítear sa dara scéim an dea-thoil san Institiúid i leith na Gaeilge agus tógtar ar an dul chun cinn a rinneadh ar fud na heagraíochta de thoradh chur chun feidhme na chéad scéime.

Rinneadh gealltanais shuntasacha i scéim bhunaidh na hInstitiúide chun cur le leibhéal na seirbhíse Gaeilge. Ar na gealltanais sin bhí:

- SUÍOMH GRÉASÁIN: Aistriú go Gaeilge ar mhórchuid de shuíomh Gréasáin na hInstitiúide.
- CUMARSÁIDÍ LEIS AN BPOBAL: Ábhar dátheangach a chur ar fáil i lámhleabhair, ar chuirí, ar fhoirmeacha iarratais, ar chartaí gnó agus ar chartaí mac léinn.

Comhlíonadh formhór na ngealltanais a rinneadh sa chéad scéim agus rinneadh dul chun cinn suntasach sna cinn eile. Tá feabhas curtha ar an tseirbhís dhátheangach ar fud na hInstitiúide. Ach aithníonn an Institiúid a thábhachta atá sé leathnú agus feabhsú breise a dhéanamh ar sheirbhísí dátheangacha.

Dá réir sin, is é cuspóir na dara scéime leanúint de bheith ag cur na ngealltanais sin i ngníomh agus cur le leibhéal na seirbhíse Gaeilge i dtréimhse na scéime (2014 – 2017).

## 1.3 Dáta Tosaithe na Scéime

Tá an scéim seo deimhnithe ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus tiocfaidh sí i bhfeidhm an 8ú Lúnasa 2014. Beidh sí i bhfeidhm i gcónaí go ceann trí bliana ón dáta sin nó go dtí go mbeidh scéim nua socraithe ag an Aire de bhun Alt 15 den Acht, cibé acu is déanaí.

## 1.4 Foramharc ar Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan

### 1.4.1 Próifíl na hInstitiúide

Is í an Institiúid an príomhsholáthraí ardoideachais i réigiún an Oirthuaiscirt de Phoblacht na hÉireann. Tá an Institiúid suite leath slí, nó mar sin, idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste agus cuireann sí deiseanna oideachais ar ardchaighdeán ar fáil i raon leathan disciplíní do 5,000 mac léinn, nach mór, ar champas 31 heicteár. Bunaíodh í i 1970 mar Choláiste Teicniúil Réigiúnach agus ó shin i leith tá mórchuid déanta aici ar mhaithe leis an réigiún a fhorbairt agus a bhunathrú chun feabhais. Tairgeann an Institiúid svuít iomlán clár ar leibhéal ceirde, fochéime agus iarchéime (suas go PhD).

Go dtí seo tá béim ar leith curtha ag an Institiúid ar:

- feabhsú a dhéanamh ar an teacht ar dheiseanna oideachais;
- teagasc agus foghlaim;
- méadú a dhéanamh ar an gcumas taighde, taighde a mbíonn tionchar díreach aige ar an bhfoghlaim, ar an teagasc agus ar aistriú eolais agus ar fhorbairt eacnamaíoch an réigiúin
- dul i mbun oibre le comhpháirtithe réigiúnacha agus náisiúnta ar mhaithe le hinbhuanaitheacht shóisialta, eacnamaíoch agus cultúrtha.

### 1.4.2 Féiniúlacht na hInstitiúide

#### *Fís agus Misean*

Is í an fhís atá leagtha síos don Institiúid sa phlean straitéiseach reatha: *'ardoideachas ar leibhéal ollscoile a sholáthar do chéimithe, a shroichfidh barr feabhais ina saindisciplín, agus a mbeidh acu an chruthaitheacht, an fhéinmhuinín, an athléimneacht agus an cumas fiontraíochta is gá chun go mbeidh rath orthu san 21ú haois. Trí dhul i mbun oibre ar shlí inbhuanaithe agus le fócas praiticiúil, cabhróimid chun athghiniúint réigiún an Oirthuaiscirt agus Éire i gcoitinne a threorú, trí ghníomhú ar bhonn áitiúil agus smaoinreamh ar bhonn domhanda.'*

Seo a leanas misean na hInstitiúide:

*'Geallann Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan a ról i bhforbairt eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha an réigiúin a chomhlíonadh. Díritear sa phlean straitéiseach seo go háirithe ar na tréithe seo a leanas a chothú i bhfoghlaimeoirí agus i gcéimithe:*

- *Barr feabhais ina ndisciplín;*
- *An cumas eolas disciplíneach agus trasdisciplíneach a chur i bhfeidhm, ag díriú go háirithe ar an bhfiontraíocht agus ar an inbhuanaitheacht;*
- *An cumas rannchuidiú leis an domhan mór agus leis an tsochaí áitiúil;*
- *Cáilíochtaí pearsanta agus infhostaitheachta, lena n-áirítear an cumas fadhbanna casta a réiteach; smaointeoireacht chriticiúil; smaointeoireacht faoi chórais agus an cumas dul i mbun foghlama go leanúnach."*

## *Na Colúin Straitéiseacha*

Tá an plean tógtha ar thrí cinn de cholúin straitéiseacha, bunaithe ar thrí cinn de théamaí straitéiseacha ginearálta. Seasann gach colún do ghné chriticiúil den Institiúid agus i dteannta a chéile, rannchuidíonn siad le forbairt ár gcéimithe agus le cuspóirí iomlána na hInstitiúide.

Seo a leanas na colúin:

1. Sócmhainn an Eolais, a chiallaíonn obair scoláireachta na hInstitiúide (teagasc, foghlaim, taighde) agus aistriú eolais
2. Pobal agus Forbairt, a chiallaíonn ról na hInstitiúide i dtaca le saol sóisialta, eacnamíoch agus cultúrtha an phobail a fheabhsú, ar leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta.
3. Eagraíocht, a chiallaíonn na próisis agus na hacmhainní ar a bhfuil obair na hInstitiúide bunaithe.

### 1.4.3 Custaiméirí agus Geallsealbhóirí

Is iad na mic léinn príomhchustaiméirí na hInstitiúide, agus tá dualgas cúraim uirthi ina leith. Idirghníomhaíonn sí le hinstitiúidí agus le gníomhaireachtaí oideachais eile agus leis an bpobal i gcoitinne. Seo a leanas na príomhchliaint agus na príomhchustaiméirí:

*Ranna Rialtais*

*An Phríomh-Oifig Staidrimh*

*An Pobal i gCoitinne:*

*Tuismitheoirí*

*Scoileanna*

*Pearsanra Ghairmthreorach*

*Muintir Dhún Dealgan agus an cheantair máguaird*

*Lucht Tionscail*

*Céimithe*

*Comhlachtaí eile:*

*Comhairlí contae agus uirbeacha*

*Cumainn thráchtála*

*Comhairlí lucht trádála*

*SOLAS*

*An tÚdarás um Ardoideachas*

*Fiontraíocht Éireann*

*Fondúireacht Eolaíochta Éireann*

*Forfás*

*Eagraíochtaí oideachais eile*

### 1.4.4 Struchtúir na hInstitiúide

#### *Rialachas*

Is é príomhfheidhm an *Chomhlachta Rialachais* gnóthaí na hInstitiúide a bhainistiú agus a rialú. Rialaíonn agus stiúran *an tUachtarán* gníomhaíochtaí na hInstitiúide agus tá sé freagrach as í a bhainistiú go héifeachtach cuí. Is é príomhchuspóir an *Bhoird Fheidhmiúcháin* cabhrú leis an Uachtarán beartas na hInstitiúide a chur chun feidhme agus maoirseacht a dhéanamh ar an tslí ina ndéantar pleanáil straitéiseach na hInstitiúide agus ar an tslí ina gcuirtear chun feidhme í.

#### *An Chomhairle Acadúil*

Cabhraíonn an Chomhairle Acadúil leis an gComhlacht Rialachais pleanáil, comhordú, forbairt agus maoirseacht a dhéanamh ar obair oideachais na hInstitiúide chomh maith le caighdeáin acadúla chláir agus gníomhaíochtaí na hInstitiúide a chosaint, a chothabháil agus a fhorbairt.

## *Scoileanna agus Ranna Acadúla*

Ceithre scoil acadúla tá san Institiúid, a gcuireann gach ceann díobh seirbhísí oideachais ar fáil ar leibhéal fochéime agus iarchéime. Tá ranna agus rannóga éagsúla i ngach scoil, mar seo a leanas:

<i>Scoil</i>	<i>Roinn/Rannóg</i>
An Scoil Gnó & Daonnachtaí	An Roinn Staidéar Gnó An Roinn Daonnachtaí An Roinn Staidéar Bainistíochta & Airgeadais An Rannóg Fáilteachais An Rannóg Foghlama ar feadh an tSaoil
An Scoil Innealtóireachta	An Roinn Innealtóireachta Leictreonáil & Meicniúla An Roinn Innealtóireachta Sibhialta & Comhshaoil An Roinn Tógála & Suirbhéireachta An Roinn Ceirdeanna Innealtóireachta
An Scoil Sláinte & Eolaíochta	An Roinn Eolaíochta Feidhmí An Roinn Altranais, Cnáimhseachta & Staidéar Sláinte An Rannóg Cnáimhseachais
An Scoil Faisnéisíochta & Meán Cruthaitheach	An Roinn Riomhaireachta & Matamaitice An Rannóg Ceoil An Rannóg Meán Cruthaitheach

## Caibidil 2 GEALLTANAIS I LEITH SEIRBHÍS GHAEILGE A CHUR AR FÁIL

### 2.1 Foramharc

Geallann an Institiúid an tseirbhís is fearr is féidir a sholáthar i nGaeilge agus/nó go dátheangach dá custaiméirí uile. Is iad seo a leanas tosaíochtaí na scéime seo:

- Tuilleadh feabhsuithe a dhéanamh ar chumas na hInstitiúide seirbhísí Gaeilge a chur ar fáil.
- Feasacht ar an scéim a mhúscailt i measc na foirne.
- Leanúint de bheith ag cur le cumas na foirne sa Ghaeilge trí oiliúint agus trí fhorbairt.
- Leanúint de bheith ag forbairt seirbhísí do mhic léinn trí dhoiciméid dhátheangacha agus trí sheirbhís theoranta duine le duine i réimsí ainmnithe.
- Córas foirmiúil a fhorbairt chun monatóireacht a dhéanamh ar an éileamh ar sheirbhísí Gaeilge.

Leagtar amach sa chaibidil seo gealltanais nua agus gealltanais leanúnacha<sup>1</sup> i dtaca le gnáthsheirbhísí agus gníomhaíochtaí na hInstitiúide a chur ar fáil i nGaeilge agus/nó go dátheangach<sup>2</sup> dár gcustaiméirí uile.

### 2.2 Eolas a Chur ar Fáil don Phobal

Ó tugadh isteach céad scéim Ghaeilge na hInstitiúide faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, is mó ná riamh an chumarsáid a dhéantar go dátheangach. Ullmhaíodh mórchuid de dhoiciméid na hInstitiúide go dátheangach le trí bliana anuas agus geallann an Institiúid tuilleadh litríochta agus cumarsáidí Gaeilge a chur ar fáil le linn thréimhse na scéime seo agus na scéimeanna ina diaidh, sna réimsí seo a leanas:

- Bróisiúir, foirmeacha iarratais agus bileoga eolais (mar atá leagtha amach in Aguisín 1)
- Foilseacháin (Féach Ranna 2.6 & 2.7)
- Suíomh Gréasáin (Féach Roinn 2.9)

*G1 Preasráitis – Cuirfear 25% díobh ar fáil sa dá theanga, agus ag an am céanna, má tá siad á scaoileadh leis na meáin náisiúnta. Foilseofar leaganacha dátheangacha i gcás 10% díobh siúd a fhoilsítear ar shuíomh Gréasáin na hInstitiúide.*

*G2 Leanfar de chuirí chuig imeachtaí, cártaí mic léinn agus cártaí gnó foirne a phriontáil go dátheangach.*

---

<sup>1</sup> Tá lipéad Gxx leis na gealltanais, ina gciallaíonn xx sraithuimhir (G = Gealltanais).

<sup>2</sup> I gcás ina gcuirtear doiciméad nó téacs ar fáil go dátheangach i gcás aon cheann de na gealltanais sa scéim seo, cuirfear i láthair iad de réir na rialachán a rialaíonn páipéarachas.



## 2.3 Tairiscint Ghníomhach Seirbhíse

*G3 Tapóidh an Institiúid gach deis ina idirghníomhaíochtaí laethúla le custaiméirí chun na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil uaithi a chur ar aghaidh agus aird a dhíriú orthu ar na slite seo a leanas:*

*(a) Cuirfear in iúl go díreach do chustaiméirí go bhfuil sé de rogha acu a gcuid gnó a dhéanamh leis an Institiúid i nGaeilge, trí fhógraí a chur ar taispeáint in áiteanna fáiltithe á rá go bhfuil seirbhísí Gaeilge ar fáil, agus trí na seirbhísí sin a liostáil in áit fheiceálach ar shuíomh idirlín na hInstitiúide;*

*(b) Fo-nótaí a chur le treoirlínthe, bileoga agus foirmeacha iarratais ar leith á rá go bhfuil na doiciméid sin ar fáil i nGaeilge chomh maith (sna cásanna eisceachtúla nach gcuirtear an t-ábhar clóite dátheangach ar fáil laistigh d'aon chlúdach amháin).*

*(c) Nótaí a chur ar áireamh i bhfoilseacháin agus i bhfógraí ina ndeirtear go gcuireann an Institiúid seirbhísí Gaeilge ar fáil agus dá réir sin go mbíonn fáilte roimh chustaiméirí ar mian leo a gcuid gnó a dhéanamh i nGaeilge, de réir na ngealltanais atá tugtha ina scéim aontaithe.*

## 2.4 Pointí Chéad Teagmhála

Is iad fáilteoirí/lucht lasc-chláir an chéad phointe teagmhála leis an bpobal. Beidh sé mar bheartas ag an Institiúid, faoi mar a bhí riamh, cleachtais Seirbhíse Cáilíochta do Chustaiméirí a chur ar fáil sa réimse seo, mar seo a leanas:

*G4 Tabharfaidh an fhoireann fáiltithe/lasc-chláir ainm na hInstitiúide i nGaeilge*

*G5 Beidh an fhoireann fáiltithe in ann beannú simplí a thabhairt i nGaeilge.*

*G6 Déanfar socruithe chun baill den phobal a chur i dteagmháil gan mhoill le cibé oifig nó oifigeach atá freagrach as an tseirbhís atá uathu a chur ar fáil trí Ghaeilge, mar atá liostaithe san Áit Fáiltithe agus ar shuíomh Gréasáin na hInstitiúide.*

## 2.5 Seirbhísí Dátheangacha Duine le Duine

*G7 Sa chéad scéim, dhírigh an Institiúid ar an leabharlann mar áit tosaíochta ina bhféadfaí seirbhísí dátheangacha a chur ar fáil. Déanfar gach iarracht ball foirne a earcú, a ath-implonú nó a oiliúint chun an tseirbhís sin a chur ar fáil.*

## 2.6 Bróisiúir, Foirmeacha Iarratais agus Bileoga Eolais

- G8 Cuirfear bróisiúir, foirmeacha iarratais agus bileoga eolais gaolmhara ar fáil go dátheangach a mhéad atá leagtha amach in Aquisín 1.
- (a) Beidh siad sin de bhreis ar na seirbhísí atá leagtha síos cheana féin i gcéad scéim na hInstitiúide, seirbhísí (nó a gcoibhéis) a chuirfear ar fáil go dátheangach faoi mar is gnách.
  - (b) I gcás go gcuirtear aon cheann de na bróisiúir, na foirmeacha iarratais nó na bileoga seo ar fáil ar shuíomh Gréasáin na hInstitiúide, cuirfear an leagan Gaeilge ar fáil go comhuaineach leis an leagan Béarla.
  - (c) Foilseofar iad go dátheangach laistigh den aon chlúdach amháin, más féidir. An t-aon eisceacht ná nuair nach féidir é sin a dhéanamh, i ngeall ar mhéid, leagan amach nó nádúr an doiciméid.
- G9 Cinnteoidh an Institiúid go mbeidh leaganacha Gaeilge agus Béarla chomh feiceálach céanna, i ngach suíomh poiblí, i gcás ina gcuirtear foirmeacha iarratais agus bileoga eolais ar fáil go leithleach i mBéarla agus i nGaeilge, agus go mbeidh sé chomh héasca céanna an leagan Gaeilge a fháil agus atá sé an leagan Béarla a fháil.
- (a) Cuirfear in iúl do chustaiméirí, go réamhghníomhach, go bhfuil leagan Gaeilge ar leith ar fáil, i ráiteas oiriúnach ar an leagan Béarla den doiciméad agus/nó ar aon slí eile a mheasann an Institiúid a bheith cuí.
  - (b) I mBéarla amháin a bheidh bróisiúir atá dírithe ar an margadh idirnáisiúnta.
- G10 Ullmhófar jabthuiriscí i nGaeilge do chásanna áirithe inar riachtanas í an Ghaeilge don phost.
- (a) Cuirfear jabthuiriscí cineálacha, a mbíonn an téacs mar an gcéanna iontu ó bhliain go bliain, ar fáil i nGaeilge thar thréimhse na scéime seo.
  - (b) Déanfar gach jabthuirisc eile, do phoist ina n-athraítear an téacs go minic, a scaipeadh i mBéarla amháin go ceann tamaill.

## 2.7 Foilseacháin Eile na hInstitiúide

- G11 Geallann an Institiúid an méid ábhair dhátheangaigh atá i ndoiciméid eolais inmheánacha agus i bhfoilseacháin inmheánacha a mhéadú. Leanfar de thuarascálacha sainchomhairleoirí agus doiciméid teicniúla a fhoilsiú sa teanga inar cuireadh i láthair iad a chéadú.
- G12 Beidh clúdaigh agus ceanteidil ranna an Réamheolaire, mar aon le Fáilte an Uachtaráin agus Fáilte an Leabharlannaí, dátheangach mar is gnách. Lena chois sin, beidh an chuid sin den Réamheolaire dar teideal Fáilte go hInstitiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan dátheangach ó dhara bliain na scéime amach.
- G13 Beidh clúdaigh Lámhleabhar na Mac Léinn, mar aon le téacs Fháilte an Uachtaráin, agus leathanaigh an Fhéilire, na Dialainne agus na nUimhreacha Úsáideacha Teileafóin, dátheangach i gcónaí. Lena chois sin, beidh an leathanach Scrúduithe agus gach ceanteidil roinne air dátheangach ó dhara bliain na scéime amach.
- G14 Foilseofar an Lámhleabhar Bronnta Céimeanna i bhfoirm dhátheangach, seachas liosta na n-ainmneacha, ó chéad bliain na scéime amach.

G15 Foilseofar dhá alt ar a laghad i nGaeilge gach seimeastar i nuachtlitir leictreonach na hInstitiúide, DkITimes.

G16 Beidh Fáilte an Uachtaráin i bhfoirm dhátheangach in The Ignite, irisleabhar na hInstitiúide, nuair a fhoilseofar é.

## 2.8 Ríomhchórais agus Ríomhsheirbhísí

G17 Cinnteoidh an Institiúid, le linn thréimhse na scéime seo, go ndéanfar ríomhairí pearsanta nua agus cinn atá ann cheana a chumasú do charachtair na Gaeilge.

G18 Lena chois sin, cuirfear Pacaí Comhéadain Gaeilge Microsoft Office chun cinn mar rogha a d'fhéadfaí a shuiteáil ar ríomhairí pearsanta ach é a iarraidh.

G19 Is iad soláthraithe tríú páirtí a dhéanann feidhmchláir a chuirtear ar fáil go lárnach, dála Core, Agresso, Banner, Millennium, a óstáil agus a chothabháil, agus dá bhrí sin, ní thagann a gcumas chun tacú leis an nGaeilge faoi raon feidhme na hInstitiúide i láthair na huaire. Mar sin féin, déanfaidh an Institiúid iarrachtaí, i gcomhar le hInstitiúidí Teicneolaíochta eile, tríd an eagraíocht An Chéim, chun comhéadain Ghaeilge a thabhairt isteach i leaganacha todhchaí de na feidhmchláir sin..

Oibríonn an Institiúid líon teoranta seirbhísí idirghníomhacha, lena n-áirítear clárú mac léinn ar líne le haghaidh cláir lánaimseartha, chomh maith le hiarratais ar líne ar fholúntais poist. Is iad soláthraithe tríú páirtí a dhéanann na seirbhísí seo a óstáil agus a chothabháil, agus dá bhrí sin, is beag cumas atá an Institiúid iad a mhionathrú. Mar sin féin,

G20 déanfaidh an Institiúid iarrachtaí, i gcomhar le hInstitiúidí Teicneolaíochta eile, san eagraíocht An Chéim, chun comhéadain Ghaeilge a thabhairt isteach i leaganacha todhchaí d'fheidhmchláir atá ann cheana agus seirbhísí idirghníomhacha a thabhairt isteach feasta ag an am céanna sa dá theanga.

G21 Go háirithe, beidh foirmeacha iarratais le haghaidh folúntais poist ar fáil go dátheangach i gcaitheamh na scéime seo.

## 2.9 Suíomh Gréasáin

Rinneadh suíomh Gréasáin na hInstitiúide a athdhearadh le córas nua bainistíochta ineachair in 2012. Suíomh Béarla amháin a bhíodh ann ach tá ranna tús eolais agus leathanaigh eolais ghinearálta ar fáil anois air sa dá theanga oifigiúil, ar aon dul le gealltanais a rinneadh sa chéad scéim. Tá a scáth i nGaeilge le fáil anois i gcás breis agus 100 leathanach eolais ghinearálta Béarla ach cliceáil ar an teanga is áil leis an léitheoir.

G22 Le linn na scéime seo, dúblófar go breis agus 200 an méid leathanach Béarla a bhfuil a scáth le fáil i nGaeilge. Áireofar air sin ábhar foramhairc maidir le gach Scoil agus Roinn Acadúil agus maidir le gach Limistéar Feidhmeach den Institiúid, chomh maith le roinn Cultúir agus Pobail na Leabharlainne.

## 2.10 Cláir Acadúla

G23 Níl chuireann an Institiúid aon chlár Gaeilge ar fáil faoi láthair. Tá beartaithe féachaint an bhféadfaí rochtain a thabhairt ar chlár chuí a sholáthraíonn institiúidí comhpháirtíochta, mar chuid de shocruithe comhoibritheacha anois agus feasta.

## 2.11 Idirghníomhaíocht Pobail

- G24 Ní bhíonn cruinnithe poiblí ag an Institiúid sa Ghaeltacht agus is i mBéarla a sheoltar gach cruinniú poiblí. Déanfaidh an Institiúid a dícheall, mar sin féin, aon chruinnithe spriocdhírithé i ngaelscoileanna, gaelcholáistí agus i nGaeltacht Ráth Chairn, cainteanna mar gheall ar chláir na hInstitiúide, m.sh., a sheoladh i nGaeilge. Leanfar de gach comhfhreagras chuig na scoileanna sin a bheith i nGaeilge.*
- G25 Déanfaidh an Institiúid rannpháirtíocht i nGaeilge in imeachtaí scoile (m.sh. SciFest) a mhisniú agus a éascú.*
- G26 Leanfaidh an Institiúid de Logainmneacha oifigiúla na Gaeltachta [arna ndearbhú ag an Aire san Ordú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) 2014] a úsáid le haghaidh cuspóirí oifigiúla.*

## Caibidil 3 CUMAS GAELIGE NA HINSTITIÚIDE A FHEABHSÚ

### 3.1 Earcaíocht agus Imlonnú

Ba cheart a chur san áireamh go bhfuil an Institiúid faoi cheangal ag rialacháin atá leagtha amach ag an Aire Oideachais agus Scileanna maidir le nósanna imeachta roghnúcháin agus go bhfuil sí faoi réir, i láthair na huaire, ag an gCreat Rialaithe Fostaíochta, a theorannaíonn cumas na hInstitiúide chun ceapacháin nua a dhéanamh.

*G27 Mar sin féin, thar thréimhse na scéime seo agus scéimeanna eile dá éis, cinnteoidh an Roinn Acmhainní Daonna (faoi réir ag creat na nósanna imeachta earcaíochta náisiúnta aontaithe) go bhfuil líon leordhóthanach don fhoireann sna háiteanna ábhartha inniúil sa Ghaeilge. Bainfear leas as oiliúint foirne agus as ath-implonú foirne chun cibé earcaíocht atá ceadaithe a fhorlónadh.*

*G28 Cuirfidh beartas earcaíochta na hInstitiúide san áireamh an gá atá le daoine le Gaeilge in áiteanna mar an Oifig Fáiltithe agus an Leabharlann. Déanfar jabfhógraí agus jabthuaisc a athbhreithniú de réir mar a thagann siad chun cinn chun an gá atá le cumas Gaeilge, nó a inmhianaithe atá cumas Gaeilge, a bhreacadh orthu.*

*G29 Chun feasacht teanga a mhéadú leanfaimid de chur an topaic seo san áireamh i gcúrsaí Oiliúna Ionduchtúcháin chun comhairle a chur ar an bhfoireann faoi chuspóir Acht na dTeangacha Oifigiúla, an tslí ina gcuirtear chun feidhme é san Institiúid agus a impleachtaí don eagraíocht.*

### 3.2 Oiliúint agus Forbairt Foirne

Tá gealltanais leanúnach le comhlíonadh ag an Institiúid maidir le hoiliúint chuí a chur ar an bhfoireann agus tacú le forbairt foirne. Tabharfaimid spreagadh d'fhorbairt scileanna teanga chun cur lenár gcumas seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge. Tá bunscileanna, meánscileanna agus ardsicileanna ag baill foirne áirithe san Institiúid agus féachfaimid le tógáil ar na scileanna sin.

*G30 Seo cuid de na bearta a úsáidfidh an Roinn Acmhainní Daonna i gcomhar le hOifig na Gaeilge agus réimsí ábhartha eile:*

*(a) Suirbhé ar an bhfoireann maidir le cé na scileanna Gaeilge atá acu agus cén spéis atá acu i gcur leis na scileannasín;*

*(b) Poiblíocht a thabhairt do ranganna Gaeilge atá ar fáil lasmuigh den Institiúid;*

*(c) Ranganna Gaeilge inmheánacha a chur ar fáil nuair is indéanta agus faoi réir éilimh. Tá ceaptha socruithe comhpháirtíochta a dhéanamh le hInstitiúidí eile agus le heagraíochtaí Gaeilge chun na ranganna sin a chur ar fáil;*

*(d) Tacú le baill foirne ar mian leo ranganna Gaeilge a dhéanamh mar chuid de Phlean Oiliúna agus Forbartha Foirne.*

### 3.3 Feabhsúcháin ar Sheirbhísí Tacaíochta

Ag éirí as céad scéim na hInstitiúide, tugtar tús áite i gcónaí do fheabhsúcháin a dhéanamh ar sheirbhísí tacaíochta Gaeilge. Tá liosta de bhaill foirne atá sásta seirbhís Ghaeilge a chur ar fáil ag an Oifig Fáiltithe agus tá sé le léamh ar shuíomh Gréasáin na hInstitiúide. Tá ceaptha tuilleadh

feabhsúcháin a dhéanamh ar inniúlacht Ghaeilge na foirne trí oiliúint, forbairt foirne agus earcaíocht, mar a mhínítear in 3.1 agus 3.2 thuas.

*G31 Leanfaidh an tOifigeach Gaeilge d'aistriúcháin measartha mór a dhéanamh. Tabharfar aistriúcháin is mó ná sin do ghairmithe lasmuigh.*

*G32 Leanfaidh an leabharlann de bheith ina thaisclann d'acmhainn foghlama Gaeilge d'úsáid na foirne agus na mac léinn araon, m.sh. leabhair Ghaeilge, CDanna, DVDanna. Geallann an leabharlann na hacmhainní Gaeilge sin a athbhreithniú agus a nuahonrú go leanúnach.*

### 3.4 Cur chun cinn na Gaeilge

*G33 Geallann an Institiúid an Ghaeilge a chur chun cinn agus a fhorbairt ar campas. Léirítear é sin sa Phlean Straitéiseach reatha agus léireofar é i bPleananna Straitéiseacha feasta.*

*G34 Ba ghealltanas airgeadais agus siombalach é ag an Institiúid i leith na Gaeilge Oifigeach Gaeilge páirtaimseartha a bheith ceaptha le linn chéad scéim na hInstitiúide. Leanfar den ghealltanas sin le linn na dara scéime.*

*G35 I gcaitheamh óráidí ag imeachtaí poiblí san Institiúid, leanfar de chéatadán de na tuairimí réamhráiteacha a bheith i nGaeilge chun íomhá agus timpeallacht dhearfach dhátheangach a chur chun cinn.*

*G36 Leanfaidh an Oifig Gairmeacha d'aird na mac léinn a dhíriú ar na deiseanna atá ar fáil dóibh siúd atá inniúil sa Ghaeilge, ní amháin deiseanna fostaíochta ach deiseanna breisoideachais, leis.*

*G37 De bhrí gur teanga bheo í an Ghaeilge, ní mór í a chothú i saol an champais. Eagrófar raon imeachtaí, dá réir, chun é sin a dhéanamh. Ina measc siúd beidh:*

*(a) Imeachtaí a óstáil le linn Sheachtain na Gaeilge.*

*(b) Imeachtaí sóisialta a chur ar fáil don fhoireann agus do mhic léinn, lena n-áirítear Ciorcal Comhrá, chomh maith le himeachtaí sóisialta eile chun ócáidí ag a bhféadfaí Gaeilge a labhairt a chur ar fáil.*

*(c) Mic léinn a spreagadh chun cumann Gaeilge nó cumann Gaelach a bhunú. De bhrí go gcaithfeadh a leithéid de chumann a bheith faoi cheannas na mac léinn, spreagfaidh an Institiúid Aontas na Mac Léinn chun dul i gceannas ar an bpróiseas sin.*

*G38 Le linn dara scéim teanga na hInstitiúide, bainfear úsáid as sraith leathanach ar leith ar shuíomh Gréasáin na hInstitiúide chun an fhoireann agus na mic léinn a choimeád ar an eolas faoi ghnóthaí a bhaineann leis an nGaeilge, lena n-áirítear acmhainní foghlama, seirbhísí Gaeilge atá ar fáil san Institiúid, imeachtaí agus eolas maidir le cearta teanga agus dualgais teanga faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla. Is é an tOifigeach Gaeilge a bheidh i bhfeighil na leathanach sin agus d'fhéadfaí cur leo má bhunaíonn mic léinn na hInstitiúide Cumann Gaelach.*

## Caibidil 4 FEIDHMIÚ AGUS MONATÓIREACHT

Is ar Bhord Feidhmiúcháin na hInstitiúide, faoi cheannas an Uachtaráin, a bheidh an fhreagracht dheiridh as feidhmiú na scéime a chinntiú. Déanfar amhlaidh go príomha trí na Coistí le haghaidh Bainistíocht Acadúil agus Pleanáil agus Bainistíocht Oibríochtaí agus Seirbhísí Tacaíochta, a phléann le ceisteanna oibríochta thar ceann an Bhoird Fheidhmiúcháin. Is iad Cinn na nAonad Feidhmiúil éagsúil (idir Acadúil agus Riaracháin) a dhéanfaidh an feidhmiú agus an monatóireacht leanúnach. Tá gealltanais déanta acu ina leith sin sa scéim seo. Gheobhaidh siad cúnamh ón Oifigeach Gaeilge chun an obair sin a éascú.

Déanfar monatóireacht ar dhul chun cinn agus tuairisceofar é don Bhord Feidhmiúcháin faoi dhó sa bhliain agus i dTuarascáil Bhliantúil na hInstitiúide.

I gcaitheamh thréimhse na scéime seo, ceapfar córas formiúil ar fud na hInstitiúide chun monatóireacht a dhéanamh ar iarratais ar sheirbhís Ghaeilge. D'fhéadfadh sin a bheith i bhfoirm bhunachar sonraí láraithe mar ar féidir le Cinn na nAonad Feidhmiúla éagsúla iarratais ar sheirbhís Ghaeilge a logáil de réir mar a fhaightear iad ina réimsí faoi seach.

## Caibidil 5 POIBLIÚ NA SCÉIME AONTAITHE

Cuirfear a bhfuil sa scéim seo, mar aon le gealltanais agus forálacha na scéime, in iúl don phobal ar na slite seo:

- Preasráiteas
- Seoladh Oifigiúil
- Fógairt na bhforálacha
- Scaipeadh ar ghníomhaireachtaí agus ar chomhlachtaí poiblí cuí
- Suíomh Gréasáin

Lena chois sin, feidhmeofar na bearta a ndéantar cur síos orthu in Alt 2.3 (*Tairiscint Ghníomhach Seirbhíse*).

Scaipfear an scéim go himheánach ar an bhfoireann agus ar mhic léinn uile na hInstitiúide i ríomhphost, agus nóta ag gabháil leis ón Uachtarán. Cuirfear cóip den scéim aontaithe ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

Is é leagan Béarla na scéime seo an leagan oifigiúil.



# Aguisín 1

## Doiciméid Dhátheangacha a chur ar Fáil

Seo a leanas liosta de na doiciméid (lena n-áirítear bróisiúir, foirmeacha iarratais agus bileoga eolais) a chuirfear ar fáil go dátheangach le linn thréimhse na dara scéime. Beidh siad sin de bhreis ar na doiciméid a cuireadh ar fáil faoin gcéad scéim, doiciméid a bheidh ar fáil i gcónaí.

<b>Aonad</b>	<b>An Chéad Scéim</b>	<b>An Dara Scéim</b>
<b>Acmhainní Daonna</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Foirmeacha d'Fhostaithe Nua</li> <li>▪ Foirm Éilimh do Mhúinteoirí Páirtaimseartha</li> <li>▪ Foirm Éilimh d'Fhostaithe Neamhbhuana</li> <li>▪ Foirmeacha Éilimh do Chostais Taistil</li> <li>▪ Foirm Iarratais ar Chúnaimh le Táillí</li> <li>▪ Foirm Iarratais ar Shaoire/Foirm Tuairiscithe Neamhláithreachta</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Foirm Údaraithe chun Obair Sheachtrach a Dhéanamh</li> <li>▪ Foirm Scoir d'Fhostaithe</li> <li>▪ Foirm Iar-údarúcháin</li> <li>▪ Scéim Luath-Scoir na bhFostaithe</li> <li>▪ Foirm Éilimh do Bhaill Painéil Agallaimh</li> <li>▪ Dearbhú maidir le Pinsin Seirbhíse Poiblí</li> </ul>
<b>Leabharlann</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Foirm Iasachta Idirleabharlainne</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Foirm Iarratais ar Bhallraíocht Sheachtrach</li> <li>▪ Foirm Iarratais ar Bhallraíocht ó Bhall Foirne na hInstitiúide</li> <li>▪ Bileog um Thuairimí Úsáideoirí</li> <li>▪ Bileog faoin Chárta amháin 6 Leabharlann</li> </ul>
<b>An tIonad Forbartha Réigiúnaí</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ An réamhrá leathleathanaigh agus an t-ainm ar an gclúdach agus lastigh de THE LINK, irisleabhar snasta débhlíantúil ón Ionad Forbartha Réigiúnaí</li> <li>▪ Foirm Iarratais an Aonaid Ghorlainne</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ An clúdach istigh d'Fhillteán Eolais an Ionaid Forbartha Réigiúnaí</li> <li>▪ Bileog a chuirtear ar fáil laistigh d'Fhillteán Eolais an Ionaid Forbartha Réigiúnaí</li> </ul>

<b>Aonad</b>	<b>An Chéad Scéim</b>	<b>An Dara Scéim</b>
<b>Cláraitheoirí/Scoileanna</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ <i>Foirm Chláraithe Chéad Bhliana</i></li> <li>▪ <i>Foirm Iarratais Athmhic Léinn</i></li> <li>▪ <i>Foirm Iarratais Dhíreach Chéad Bhliana</i></li> <li>▪ <i>Foirm Chláraithe Iar-Chéad Bhliana</i></li> <li>▪ <i>Foirm Iarratais ar Chlár Iarchéime</i></li> <li>▪ <i>Foirm Iarratais Uasiontrála</i></li> <li>▪ <i>Foirm Iarratais ar Chúrsaí Céime Forlíontacha</i></li> <li>▪ <i>Iarratas ar Iarchur</i></li> <li>▪ <i>Foirm Iontrála Mac Léinn ACCS</i></li> <li>▪ <i>Foirm Chláraithe do Phrintíseacht</i></li> <li>▪ <i>Foirm Athbhreithnithe agus Athsheiceála (ar líne)</i></li> <li>▪ <i>Foirm Rollacháin Pháirtaimseartha (Cóip chrua agus ar líne)</i></li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ <i>Clúdaigh ar bhóisiúir do thaispeántais phoiblí agus do chur i láthair obair mac léinn</i></li> <li>▪ <i>Leathanaigh Chlúdaigh do Mheasúnú Leanúnach</i></li> <li>▪ <i>Foirm iarratais ar an BA (Onór) i gCeol Feidhmeach</i></li> </ul>
<b>Airgeadas</b>		<ul style="list-style-type: none"> <li>▪ <i>Foirm Sonraí Soláthraí Agresso</i></li> </ul>